



AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ  
COMPANIES REGISTRATION OFFICE



CEANGLAS CHUN STIÚRTHÓIR A CHÓNAÍONN  
I mBALLSTÁT DEN LIMISTÉAR EORPACH  
EACNAMAÍOCH (LEE) A BHEITH AG CUIDEACHTA

BILEOG FAISNÉISE UIMH. 17 / Eanáir 2020

## **CLÁR ÁBHAR**

<b>1. RÉAMHRÁ</b>	<b>1</b>
<b>2. CEANGLAS CHUN STIÚRTHÓIR AMHÁIN A BHEITH AG CUIDEACHTA AR A LAGHAD A CHÓNAÍONN IN LEE</b>	<b>1</b>
<b>3. CUIDEACHTAÍ NUA</b>	<b>2</b>
<b>4. CUIDEACHTAÍ ATÁ ANN CHEANA FÉIN</b>	<b>3</b>
<b>AGUISÍN 1: STIÚTHÓIR A CHÓNAÍONN IN ÉIRINN A SHAINMHÍNIÚ CHUN CRÍOCHA ALT 137</b>	<b>4</b>
<b>AGUISÍN 2: SAGHAS BANNA DAINGNITHE AG CUIDEACHTA GAN STIÚRTHÓIR CÓNAITHE</b>	<b>5</b>

## 1. Réamhrá

Ní mór do gach cuideachta stiúrthóir amháin a bheith aici ar a laghad don am i láthair a chónaíonn i mBallStát den LEE (Limistéar Eorpach Eacnamaíoch).<sup>1</sup> Ní chomhlíontar an ceanglas seo nuair a bhíonn stiúrthóir malartach ag cuideachta a chónaíonn i mBallStát den LEE.<sup>2</sup>

Tá LEE:

An Ostair, An Bhilg, An Bhulgáir, An Chipir, Poblacht na Seice, An Danmhairg, An Eastóin, An Fhionlainn, An Fhrainc, An Ghearmáin, An Ghréig, An Ungáir, An Íoslainn, Éire, An Iodáil, Poblacht na Iaitvia, Lichtinstéin, An Liotuáin, Lucsamburg, Málta, An Ísiltír, An Iorua, An Pholainn, An Phortaingéil, An Rómáin, An tSlóvaic, An tSlóivéin, An Spáinn agus An tSuasalainn

Ní bhaineann an ceanglas seo le cuideachta ar bith a bhfuil banna nó deimhniú alt 140 aici don am i láthair. Eolaí achomair is ea an bhileog seo agus ba chóir í a léamh i dteannta leis an reachtaíocht ábhartha. Ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le do chomhairleoir ghairmiúil agus cabhair bhreise ag teastáil uait.

Tá na foirmeacha (agus na táillí comhdaithe a bhaineann leo) dá dtagraítear sa foilseachán seo le fáil ag [www.cro.ie](http://www.cro.ie).

## 2. Ceanglas chun stiúrthóir amháin a bheith ag cuideachta ar a laghad a chónaíonn i mBallStát le

Ní bhaineann an ceanglas chun stiúrthóir amháin a bheith ag cuideachta ar a laghad a chónaíonn i mBallStát LEE le cuideachta ar bith a bhfuil banna de luach €25,000.00 i bhfeidhm aici, atá san fhoirm fhorordaithe. Forálann an banna seo nuair a theipeann ar chuideachta

- (a) fíneáil a íoc a fhorchuirtear uirthi i leith ciona a rinne sí faoi Acht na gCuideachtaí 2014 ar féidir le Cláraitheoir na gCuideachtaí a ionchúiseamh agus/nó
- (b) fíneáil a íoc a fhorchuirtear uirthi i leith ciona a rinne sí faoi alt 1078 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 nuair a theip uirthi dearbhú a sheachadadh faoi 882 den Acht sin nó nuair a theip uirthi cloí le fógra a seirbheáladh uirthi faoi alt 884 den Acht sin, agus/nó
- (c) pionós a íoc ar gá di a íoc faoi alt 1071 nó 1073 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997,

go mbeidh uirthi suim airgid a íoc faoin mbanna le dliteanas na cuideachta a ghlanadh i bpáirt nó go hiomlán i leith fíneála nó pionóis den saghas sin.

Ní féidir leis an CRO glacadh le banna chun críocha alt 137 d'Acht na gCuideachtaí 2014, ach amháin banna atá san fhoirm fhorordaithe de bhun an Ordaithe um Acht na gCuideachtaí 2014 (Bannaíocht) 2015 (féach Aguisín 2).

Ní mór don Urra bheith ina c(h)omhalta ar aicme a shonraítear i Sceideal 2 den Ordú um Acht na gCuideachtaí 2014 (Bannaíocht) 2015 i.e. banc, cumann foirgníochta, cuideachta árachais nó institiúid chreidmheasa.

Ba chóir a thabhairt faoi deara gur cion coiriúil é mura mbíonn stiúrthóir amháin ar a laghaag cuideachta atá cláraithe in Éirinn, a chónaíonn i mBallStát LEE.<sup>3,4</sup> Is féidir an chuideachta agus oifigigh na cuideachta a bhfuil mainnithé acu a ionchúiseamh maidir leis seo. Tá cumhacht ag Cláraitheoir na gCuideachtaí imeachtaí a thabhairt os comhair na Cúirte Dúiche i gCeantar Cathrach Bhaile Átha Cliath mura mbíonn stiúrthóir ag cuideachta a chónaíonn i mBallStát Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE).

<sup>1</sup> Alt 137 d'Acht na gCuideachtaí 2014

<sup>2</sup> Alt 137(7) den Acht na gCuideachtaí 2014. Stiúrthóir ionaid is ea stiúrthóir malartach a d'fhéadfadh a bheith ceapaithe ag stiúrthóir lánaimseartha má cheadaítear é sin de réir airteagail na cuideachta.

<sup>3</sup> Féach 4.2 maidir le deimhniú alt 140.

<sup>4</sup> Nó banna reatha nó deimhniú reatha alt 140: Alt 137(6) den Acht 2014.

### 3. Cuideachtaí nua

Ní mór banna a chur isteach in éineacht le hiarratas ar bith ar chuideachta a ionchorprú mura mbíonn stiúrthóir aici atá ina c(h)ónaí imballstát Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE).

Ní mór na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh agus banna á chomhdú:

- Ní mór do láithreoirí iarratais ar ionchorprú lena ngabhann bannaí a mharcáil go soiléir.
- Ní mór cloí leis na ceanglais fhorordaithe fhorghníomhaithe (i.e. faoi Chomhshéala an Urra.
- Ba chóir an banna bunaidh, agus cóip dheimhnithe a chur faoi bhráid na CRO in éineacht le Foirm A1.

#### 3.1 Dáta a bheidh éifeacht ag an mbanna

Forordaítear tréimhse dhá bhliain san Ordú um Acht na gCuideachtaí 2014 (Bannaíocht) 2015 mar **íosthréimhse** bhailíochta an bhanna. D'fhéadfaí tús a chur leis an tréimhse seo "níos déanaí ná na himeachta a cuireadh banna i gcrích ina leith". Thairis sin, i gcás cuideachtaí nua, caithfidh éifeacht a bheith ag an mbanna amhail an dáta ionchorpraithe.

Maidir le cuideachtaí nua, is é an t-imeacht a chuirtear banna i gcrích ina leith ná cuideachta a ionchorprú nach bhfuil stiúrthóir aici a chónaíonn imballstát LEE. Tá ceanglas reachtúil ann freisin, áfach, gur gá an banna a thabhairt don CRO, in éineacht le Foirm A1, sula ndéantar an chuideachta a ionchorprú.

Admhaímid go bhféadfadh roinnt deacrachtaí a bheith bainteach leis an bpróiseas seo do chuideachtaí.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go gcuireann mír 5 den bhanna ar chumas na gcomhpháirtithe an dáta tosaigh a ordú. Ní gá an dáta céanna a roghnú ar a ndéanann na comhpháirtithe an banna a fhorghníomhú agus dá bhrí sin, bíonn cion beag éascaíochta acu.

Tá na ceanglais seo a leanas curtha chun feidhme ag an CRO maidir leis an dáta a bheidh éifeacht ag na bannaí faighte i dtaca le cuideachtaí nua.

**Ní féidir dáta a roghnú a bheidh éifeacht ag an mbanna atá níos déanaí ná ceithre lá oibre roimh dháta ionchorpraithe na cuideachta, ar leith ón dáta ionchorpraithe.**

Baineann caighdeáin seirbhíse le gach scéim ionchorpraithe mar is eol do chustaiméirí. Is iad seo:

**Fé Phráinn:** ionchorprú laistigh de 10 lá oibre tar éis do na doiciméid a fháil

**A1 ar Líne:** ionchorprú laistigh de 5 lá oibre tar éis do na doiciméid a fháil

**De ghnáth:** ní dhéantar an leibhéal seirbhíse a ráthú ach de ghnáth ionchorpraítear cuideachta 15 lá oibre tar éis do na doiciméid a fháil

Agus dáta á leagadh amach le héifeacht a thabhairt don bhanna, ba chóir d'iarrthóirí, dá bhrí sin, an modh ionchorpraithe agus na tréimhsí ama ábhartha a chur san áireamh.

Bíonn éifeacht ag na dátaí seo a leanas i ngníomh:

**Fé Phráinn:** cúig lá oibre tar éis d'Fhoirm A1 a fháil san CRO

**A1 Ar Líne:** ón dáta a fhaightear Foirm A1 ar aghaidh

**De ghnáth:** deich lá oibre tar éis d'Fhoirm A1 a fháil ar aghaidh

Doiciméad an-luachmhar is ea an banna atá srianta ó thaobh ama de. Dá bhrí sin, nuair a chuirtear é i gceangal le doiciméid ionchorpraithe a chomhdaítear leis an CRO (go háirithe ar A1 ar Líne), ní mór na focail "Banna Iniata" a chur síos ar an gclúdach a ghabhann leis na doiciméid. Ní mór tic a chur freisin sa bhosca cuí ar an gcéadleathanach den Fhoirm A1.

Má sheoltar iarratas ar ionchorprú, lena ngabhann banna, ar ais chuig an láithreoir le hé a leasú, beidh banna nua ag teastáil le dáta coigeartaithe nua de réir na sonraí thuas, ach amháin nuair a chuirtear an t-iarratas athcheartaithe faoi bhráid na CRO laistigh de chúig lá oibre.

## 4. Cuideachtaí atá ann cheana féin

Nuair a chuirtear deireadh le stiúrtóireacht a chuirtear in iúl ag úsáid Foirme B10 agus mura mbíonn stiúrtóir ag cuideachta ina dhiaidh sin a chónaíonn i mballstát Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), ba chóir don chuideachta banna a chur isteach in éineacht le Foirm B10 a chuireann in iúl don CRO nach bhfuil stiúrtóir fágtha ag an gcuideachta a chónaíonn i mballstát LEE nó ba chóir di deimhniú a fháil de bhun ailt 140 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

### 4.1. Banna

Agus banna á chomhdú tar éis do chuideachta a ionchorprú:

- Ní mór cloí leis na ceanglais fhorordaithe fhorghníomhaithe (i.e. faoi Chomhshéala an Urra).
- Ba chóir don chuideachta an banna **bunaidh**, agus cóip dheimhnithe a chur isteach in éineacht le Foirm B10. Ar dhóigh eile, is féidir leis an stiúrtóir atá ag éirí as oifig an banna a chur isteach agus litir a sheoladh chuig Cláráitheoir na gCuideachtaí, tráth nach déanaí ná 14 lá ón dáta a éiríonn sé/sí as oifig, a chuireann in iúl don Chláráitheoir nach bhfuil stiúrtóir eile ag an gcuideachta a chónaíonn i mballstát, a mhéid is eol dó/di. Mura mbíonn an banna comhdaithe amhail an dáta a sheachadtar tuairisceán bliantúil na cuideachta don CRO, ní mór an banna a sheoladh chuici in éineacht le tuairisceán bliantúil na cuideachta, i gcás nach raibh stiúrtóir aici a chónaíonn i mballstát LEE le linn thréimhse an tuairisceáin bhliantúil.
- Iarrtar ar láithreoirí Foirmeacha B10 agus B1 lena ngabhann bannaí a mharcáil **go soiléir**, trí tic a chur sa bhosca cuí ar chéadleathanach na foirme a bhíonn i gceist.

#### 4.1.1 Dáta a bheidh éifeacht ag an mbanna

Forordaítear tréimhse dhá bliain san Ordú um Acht na gCuideachtaí 2014 (Bannaíocht) 2015 mar **íosthréimhse** bhailíochta don bhanna. D'fhéadfaí tús a chur leis an tréimhse seo *“níos déanaí ná na himeachta a cuireadh banna i gcrích ina leith”*.

Nuair a éiríonn an t-aon stiúrtóir as oifig, a chónaíonn i mballstát Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), tar éis don chuideachta a ionchorprú, ba chóir go dtosódh tréimhse bhailíochta an bhanna le héifeacht ón dáta a éiríonn an stiúrtóir seo as oifig.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go gcuireann alt 5 den bhanna ar chumas na gcomhpháirtithe dáta tosaigh an bhanna a ordú. Ní gá an dáta céanna a roghnú ar a gcuireann na comhpháirtithe an banna i gcrích. Dá réir sin, is féidir bannaí a chur i gcrích roimh an dáta ar gá do chuideachta banna a bheith i bhfeidhm aici, ar an gcoinníoll (a) go dtosaíonn an tréimhse bhailíochta tar éis an dáta sin agus (b) go bhfuil íosthréimhse dhá bhliain aige.

### 4.2. Deimhniú alt 140

Má chuireann cuideachta iarratas isteach, tar éis di a ionchorprú, chuig Cláráitheoir na gCuideachtaí ar dheimhniú agus má fhaigheann sí an deimhniú seo *“go bhfuil nasc fíor agus leanúnach aici le gníomhaíocht eacnamaíoch nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhíonn ar siúl sa Stát”*, ní gá don chuideachta sin stiúrtóir amháin a bheith aici ar a laghad a chónaíonn in Éirinn ó dháta an deimhnithe ar aghaidh, chomh fada is a bhíonn sé i bhfeidhm.

D'fhonn a fháil le deimhniú, go bhfuil sé sin nasc, leanfaidh an chuideachta a shásamh na Coimisinéirí Ioncaim, go ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha a bhfuil sásta.

(a) na cúrsaí na cuideachta a mbainistiú ag cheann amháin nó níos mó daoine ó áit ghnó a bunaíodh sa stát go bhfuil daoine nó ná daoine sin nó a bheith údaraithe ag an cuideachta chun gníomhú ar a son.

(b) ndéanann an chuideachta ar an trádáil i stát.

(c) tá an chuideachta fochuideachta nó cuideachta shealbhíochta na cuideachta eile nó comhlacht corpraithe, go comhlíonnann nó iad araon de ne coinníollacha a bheith sonraithe.

(d) tá an chuideachta fochuideachta, fochuideachta eile a shásaíonn na coinníollacha a shonraítear i mireanna a nó b.

(alt 140(9) d'Acht na gCuideachtaí 2014)

Cuirtear iarratas isteach chuig an CRO ar an deimhniú seo ag úsáid Foirme B67. Ní mór dearbhú ó na Coimisinéirí Ioncaim a chur i gceangal leis an iarratas, dearbhú a chuirtear le chéile laistigh de 2 mhí roimh an dáta a dhéantar iarratas chuig an CRO, go bhfuil foras reasúnach acu go bhfuil nasc den saghas seo ag an gcuideachta. Is féidir iarratas a chur isteach ar an dearbhú riachtanach seo chuig Na Coimisinéirí Ioncaim, Aonad na gCuideachtaí, Ceantar Ioncaim Lár na Cathrach, 9-15 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1.

## AGUISÍN 1

### DUINE A CHÓNAÍONN IN ÉIRINN A SHAINMHÍNIÚ CHUN CRÍOCHA AILT 137

De bhun alt 141 d'Acht na gCuideachtaí 2014, "bíonn duine "ina c(h)ónaí in Éirinn" ag am áirithe ("an t-am ábhartha" -

(a) agus é nó í i láthair sa Stát –

(i) ag am ar bith nó roinnt amanna le linn an 12 mhí roimh an am ábhartha ("na 12 mhí díreach roimhe sin") le haghaidh tréimhse iomlán 183 lá nó níos mó, nó

(ii) ag am ar bith nó roinnt amanna –

(I) le linn na 12 mhí díreach roimhe sin, agus

(II) le linn na 12 mhí roimh na 12 mhí roimhe sin ("na 12 mhí roimhe sin), ar feadh tréimhse iomlán 280 lá nó níos mó (tréimhse atá comhdhéanta den mhéid laethanta a chaitheann duine sa Stát le linn na 12 mhí díreach roimhe sin agus an méid laethanta a chaith an duine sa Stát le linn na 12 mhí roimhe sin), nó

(b) go bhfuil bliain mheasúnaithe i gceist (de réir bhrí an Achta Comhdhlúite Cánacha, 1997), bliain ina roghnaigh an duine modh áirithe ina leith faoi alt 819(3) den Acht sin.

(2) In ainneoin fo-ailt (1)(a)(ii), nuair a bhíonn duine sa Stát le linn na 12 mhí díreach roimhe sin ag am ar bith nó roinnt amanna ar feadh tréimhse 30 lá nó níos lú –

(a) ní bheidh an duine ina c(h)ónaí sa Stát chun críocha ailt 137 no 139, ag an am ábhartha atá i gceist, agus

(b) ní dhéanfar an tréimhse sin a chur san áireamh chun críocha an méid iomlán ama atá luaite, ibhfo-alt 1 (a)(ii).

(3) Chun críocha fo-alt (1) agus (2) –

(a) bíonn duine sa Stát nuair a dhéantar tagairt don duine sin san alt seo mar dhuine atá i láthair go pearsanta sa Stát, agus

(b) measfar go bhfuil duine i láthair sa Stát ar feadh lae amháin agus iad i láthar ann fós ag aon am an lae."

## AGUISÍN 2

### SAGHAS BANNA DAINGNITHE AG CUIDEACHTA GAN STIÚRTHÓIR CÓNAITHEACH

#### ACHT NA gCUIDEACHTAÍ 2014 – ALT 137(2) AN tORDÚ UM ACHT NA gCUIDEACHTAÍ 2014 (BANNAÍOCHT), 2015

BHEADH A FHIOS AG GACH UILE DUINE:

1. MAR (ainm an Urra) <sup>NÓTA A hAON</sup>

.....  
.....  
(dá ngairtear “an tUrta” sa bhanna seo), agus ár n-oifig chláráithe againn ag

.....  
ar ordú (ainm na cuideachta)

.....  
agus a hoifig chláráithe aici ag

.....  
(cuideachta atá ag lorg díolúine ó théarmaí alt 137(1) d’Acht na gCuideachtaí 2014 (dá ngairtear “an tAcht” sa bhanna seo) go mbeidh orainn íoc leis an duine atá ainmnithe (de réir bhrí alt 137(2) den Acht) an méid airgid nó na méideanna airgid a éileodh sé/sí i scríbhinn -

(a) i leith fíneála a íoc go hiomlán nó go páirteach a fhorchuirtear ar an gcuideachta i leith ciona faoi Acht na gCuideachta 2014, a rinne an chuideachta, ar cion é atá in-ionchúisithe ag cláráitheoir na gcuideachtaí,

(b) i leith fíneála a íoc go hiomlán nó go páirteach a fhorchuirtear ar an gcuideachta i leith ciona faoi alt 1078 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, a rinne an chuideachta, ar cion é arb é atá ann do mhainneachtain ráiteas a sheachadadh a cheanglaítear uirthi a sheachadadh faoi alt 882 den Acht sin nó cloí le fógra a seirbheáladh uirthi faoi alt 884 den Acht sin,

(c) i leith pionóis a íoc go hiomlán nó go páirteach go ndlíodh ar an gcuideachta í a íoc faoi alt 1071 nó 1073 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,

(d) le toiliú ó na Coimisinéirí Ioncaim, an méid airgid a d’fhéadfaí a bheith ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim agus ag an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta i leith costas den sórt sin a íoc a d’fhéadfaí a bheith tabhaithe go réasúnta ag an duine atá ainmnithe agus a d(h)ualgais á chomhlíonadh aige/aici faoi alt 137(2) den Acht,

cibé an dtarlaíonn an fhíneáil nó an pionós sin le linn nó roimh thréimhse bhailíochta an bhanna, ar an gcoinníoll nach sáróidh an méid iomlán airgid a bheidh le híoc ag an Urta leis an duine atá ainmnithe €25,000.00 (fiche cúig míle) le linn thréimhse bhailíochta an bhanna seo.

2. Is coinníoll é ag an mbanna seo nach mbeidh an tUrta faoi dhliteanas an méid airgid dá ngairtear i mír (a) nó (b), alt 1 den bhanna seo a íoc ach amháin nuair a bhíonn an téarma istigh le híoc as an bhfíneáil forchurtha ag an gCúirt agus nach mbíonn an méid airgid áirithe urscaoilte go hiomlán.

3. Is coinníoll é ag an mbanna seo nach mbeidh an tUrta faoi dhliteanas an méid airgid dá ngairtear i mír (c), alt 1 den bhanna seo a íoc ach amháin nuair a bhíonn an t-airgead seo á lorg ag na Coimisinéirí Ioncaim ón gcuideachta agus nach mbíonn an méid airgid áirithe urscaoilte go hiomlán laistigh den tréimhse ama a cheadaítear le haghaidh íocaíochtaí den sórt sin.

4. Admhaíonn agus glacann an tUrta leis seo nach gcuirfidh an tréimhse ama a thugtar don Chuideachta i leith pionóis a íoc, forchurtha ag na Coimisinéirí Ioncaim, isteach ar dhliteanas an Urta faoin mbanna seo.

<sup>NÓTA A hAON</sup> Ní mór don Urta bheith ina c(h)omhalta ar aicme a shonraítear i Sceideal 2 den Ordú um Acht na gCuideachtaí 2014 (Bannaíocht) 2015 (banc, cumann foirgníochta, cuideachta árachais nó institiúid chreidmheasa)

5. Beidh éifeacht ag an mbanna seo le haghaidh tréimhse \_\_\_\_\_ ag tosú ar an \_\_\_\_\_ lá de \_\_\_\_\_ agus ag dul in éag an \_\_\_\_\_ lá de \_\_\_\_\_ 20\_\_\_\_.

(dá ngairtear an tréimhse bhailíochta sa bhanna seo).<sup>NÓTA A DÓ</sup>

6. Admhaíonn agus glacann an tUrra leis seo i gcás nach ndéantar athnuachan ar an mbanna seo chomh luath agus a théann sí in éag, go gcuirfidh sé/sí é seo in iúl i scríbhinn do chlár na gcuideachtaí chomh luath agus is féidir nó tráth nach déanaí ná 7 lá ina dhiaidh sin.

7. Admhaíonn agus deimhníonn an tUrra leis seo go ndéanfaidh sé/sí cóip dheimhnithe den bhanna seo a thabhairt do chlár na gcuideachtaí a luaithe agus is féidir tar éis don bhanna seo a thabhairt i gcrích.

Arna dhátú an \_\_\_\_\_ lá de \_\_\_\_\_ 20\_\_\_\_.

I láthair nuair a greamaíodh Comhshéala <sup>NÓTA A TRÍ</sup>  
an Urra leis seo:

<sup>NÓTA A DÓ</sup> Ní mór do bhanna dhá bhliain a bheith i gceist ar a laghad agus ní féidir tús a chur leis ach amháin tar éis na himeachta cúí is cúis leis an mbanna.

<sup>NÓTA A TRÍ</sup> Ní mór don bhanna a bheith forghníomhaithe faoi chomhshéala an Urra.



**AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ**  
**Oifig Poiblí:** Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, BÁC 1  
**Fiosruithe:** Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, R93 E920

**Lóghlao:** 1890 220 226  
**Fón:** +353 1 804 5200  
**Ríomhphost:** [info@cro.ie](mailto:info@cro.ie) **Láithreán:** [www.cro.ie](http://www.cro.ie)

**COMPANIES REGISTRATION OFFICE**  
**Public Office:** Bloom House, Gloucester Place Lower, Dublin 1  
**Postal Enquiries:** O'Brien Road, Carlow, R93 E920

**Lo Call:** 1890 220 226  
**Tel:** +353 1 804 5200  
**Email:** [info@cro.ie](mailto:info@cro.ie) **Web:** [www.cro.ie](http://www.cro.ie)